# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA
# GNÁTHLEIBHÉAL
# SPÁINNIS 2021
# SCÉIM MHARCÁLA

**Socruithe Réasúnta: Féach Aguisín a hAon ar leathanach 11.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL**:
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

**Léiríonn tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é.
Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

**Léiríonn dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

**Léiríonn lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála.**
**Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. *D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 MARC)

**Ní mór na freagraí uile a scríobh i nGaeilge. Má fhreagraítear an tástáil cluastuisceana ar fad i Spáinnis: marcáil de réir na Scéime Marcála agus bronn leath na marcanna a fuarthas.**

**1. Anuncio - LA ESTACIÓN DE CANFRANC**
**(2+2) + (2+2) + 4 mharc = 12 mharc**

**(a)** An Spáinn; An Fhrainc **(2+2m)**

**(b)** **Dhá cheann** díobh seo:
- óstán
- stop (traenach)
- ionad oilithreachta
- músaem

**(2+2m)**

**(c)** 45 nóiméad **(4m)**

**2. Diálogo - ENTREVISTA CON JON RAHM, GOLFISTA PROFESIONAL**
**4 + 4 + (4+4) mharc = 16 mharc**

**(a)** (√) chun staidéar a dhéanamh **(4m)**

**(b)** Bitheolaíocht **(4m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo:
- bualadh le cairde
- dul amach don dinnéar
- spraoi a bheith acu
- saol saor ó strus a bheith acu

**(4+4m)**

**3. Diálogo - HABLANDO CON LA ACTRIZ ESPAÑOLA, ALBA FLORES**
**4+ 4 + 4 mharc = 12 mharc**

**(a)** Tréidlia **(4m)**

**(b)** 2017 **(4m)**

**(c)** (√) amharclann **(4m)**

**4.** **Descriptivo – LA RUTA DEL QUIJOTE**
**(2 +2 +2) + 4 + (2+2) mharc** **= 14 mharc**

**(a)** **Trí cinn** díobh seo:
- de shiúl na gcos
- sa charr
- ar rothar
- ar muin capaill **(2+2+2m)**

**(b)** **Ceann amháin** díobh seo:
- iascaireacht
- snámh
- fánaíocht/fálróid **(4m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo:
- cáis
- fíon
- sicphiseánaigh
- liamhás
- anraith
- gairleog
- arán
- uibheacha **(2+2m)**

**5.** **Descriptivo – LAS PLANTAS SON LAS NUEVAS MASCOTAS**
**4 + (2 + 2) + 4 + 4 mharc** **= 16 mharc**

**(a)** Madra **(4m)**

**(b)** **Dhá cheann** díobh seo:
- cistin
- seomra leapa
- seomra folctha **(2+2m)**

**(c)** (an) t-ainm **(4m)**

**(d)** Plaisteach/bréagach **(4m)**

**6.** **El Tiempo**
**(2+ 2) + (2 + 2) + 4 mharc** **= 12 mharc**

**(a)** Dé Céadaoin, 3 Deireadh Fómhair **(2+2m)**

**(b)** (i) 5 (ii) 6 **(2+2m)**

**(c)** Deisceart **(4m)**

**7.** **Una Noticia – EL CORTE INGLÉS**
**(2+2+2) + 4 + 4 + 4 mharc** **= 18 marc**

**(a)** **Trí cinn** díobh seo:
- faisean
- stáiseanóireacht
- leabhair
- spóirt
- ollmhargadh

**(2+2+2m)**

**(b)** **Ceann amháin** díobh seo:
- gníomhaireacht taistil
- gruagaire
- seirbhís poist

**(4m)**

**(c)** glas **(4m)**

**(d)** (√) páirceáil **(4m)**

**12 + 16 + 12 + 14 + 16 + 12 + 18** **= 100 marc**

## ROINN A (110 MARC)

**Ní mór ceisteanna a fhreagairt sa teanga atá sonraithe ar an scrúdpháipéar.**

**Ceist 1. DÍA MUNDIAL DE LA PAELLA (45 mharc)**

Caithfear na freagraí uile a scríobh i **Spáinnis**.

*Ní dhéantar tástáil ar ionramháil teanga agus tá trascríobh (ábhartha agus laistigh de theorainneacha réasúnta) inghlactha. Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl siad riachtanach do fhreagra ceart. Bainfear marcanna as ábhar nach mbaineann le hábhar nó as ábhar atá riachtanach don fhreagra a fhágáil ar lár.*

**(a)** El Ayuntamiento de Valencia nombró el día 20 de septiembre como el Día Mundial de la Paella **(5m)**

**(b)** Compartir la receta tradicional valenciana de la paella con el resto del mundo **(5m)**

**(c)** Con una cuchara de madera y directamente de la sartén **(5m)**

**(d)** (1) es el cuarto plato más importante del planeta
(2) recibe 8 millones de búsquedas anuales en Internet **(5+5m)**

**(e)** **Trí cinn** díobh seo:
- restaurantes
- colegios
- hospitales
- comedores de empresas **(1+1+1m)**

**(f)** 1. primer plato 2. paella 3. postre **(2+2+2m)**

**(g)** Competirán en un concurso internacional de paella con su propia receta **(5m)**

**(h)** **Dhá cheann** ar bith díobh seo:
- ingredientes frescos
- clases con un maestro de paella
- un gorro de cocina
- delantal
- un diploma (de la escuela de paella) **(3+3m)**

**Ceisteanna 2, 3, 4. [CEIST AMHÁIN le freagairt. Má fhreagraítear níos mó ná AON CHEIST AMHÁIN, déan gach ceann a mharcáil agus bronn an marc ar an gceist is airde a scóráil]**

**Ceist 2. EL JABALÍ: UN CERDO SALVAJE (25 mharc)**

**(a)** **Dhá cheann** díobh seo:
- cosúil le muc (clóis)
- láidir
- ceann mór
- cluasa móra
- súile beaga **(3+3m)**

**(b)** **Dhá cheann** díobh seo:
- plandaí
- torthaí
- feithidí
- ainmhithe beaga **(3+3m)**

**(c)** Ag lorg an bhia a chaitheann daoine sa bhruscar **(3m)**

**(d)** **Dhá cheann** díobh seo:
- timpistí tráchta
- galar a thras-seoladh
- ionsaithe ar pheataí **(3+3m)**

**(e)** **Dhá cheann** díobh seo:
- Sasana
- An Iorua
- An tSualainn **(2+2m)**

**Ceist 3. SANTIAGO DE CHILE (25 mharc)**

**(a)** Seacht milliún go leith **(3m)**

**(b)** **Dhá cheann** díobh seo:
- bhunaigh sé Santiago de Chile (sa séú haois déag)
- conquistador/concar Spáinneach a bhí ann
- fear cáiliúil airm
- gobharnóir na Sile **(3+3m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo:
- geilleagar seasmhach
- ardchóras sláinte
- leibhéal ard oideachais **(5+5m)**

**(d)** **Dhá cheann** díobh seo:
- bhí cónaí ar an bhfile/Pablo Neruda ansin
- tá sé péinteáilte gorm (mar gheall ar an nasc láidir atá ag Neruda leis an bhfarraige)
- is músaem é (anois) (tiomnaithe do shaol an fhile) **(3+3m)**

**Ceist 4. LA UNIVERSIDAD PARA LA PAZ** **(25 mharc)**

**(a)** 1980 **(2m)**

**(b)** Tá mic léinn ann as daichead a seacht dtír éagsúla **(3m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo:
- Spáinnis
- Béarla
- Fraincis
- Araibis
- Sínis
- Rúisis **(2+2m)**

**(d)** **Dhá cheann** díobh seo:
- conairí rothar sléibhe
- páirc peile
- limistéar beárbaiciú
- clós súgartha/páirc do leanaí
- siúlóidí dúlra san fhoraois thrópaiceach **(4+4m)**

**(e)** **Dhá cheann** díobh seo:
- bróga compordacha
- hata
- éarthach feithidí
- cosaint ón ngrian
- uisce **(4+4m)**

**Ceist 5. UN ACTOR ESPECIAL** **(40 marc)**

**(a)** Bhí sé ag déanamh scannáin/ag scannánú **(4m)**

**(b)** I dteach ar cíos ar imeall na príomhchathrach/Baile Átha Cliath **(5m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo:
- cairdiúlacht na nÉireannach/na ndaoine
- an t-aigéan
- na crainn (in aice lena theach) **(4+4m)**

**(d)** **Dhá cheann** díobh seo:
- tá triúr iníon aici
- bhuail sí le Matt i Miáimí
- d'oibrigh sí mar fhreastalaí i mbeár
- is Airgintíneach í (ó dhúchas)
- (tógadh í) ag a seantuismitheoirí Iodálacha
- tá sí pósta le Matt le cúig bliana déag **(4+4m)**

**(e)** Próifíl phoiblí íseal a choinneáil **(5m)**

**(f)** **Ceann amháin** díobh seo:
- chun deich mbliana a cheiliúradh/10 mbliana de ghrá dá chéile a cheiliúradh
- bhí sé (an-) rómánsúil
- tharla sé ar thrá/i Santa Lucia/ar oileán/sa Mhuir Chairib
- ní raibh ach caoga aoi ann
- chaith na haíonna go léir an dath bán **(5m)**

**(g)** Rochtain a thabhairt ar uisce glan i dtíortha bochta **(5m)**

## ROINN B (60 MARC)

**Caithfear na freagraí uile a scríobh i Spáinnis.**

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

1. **LITIR / R-PHOST** agus **ceann amháin de 2.(a) NÓTA nó 2. (b) IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C 1. LITIR: (40 marc)**

Tá **cúig** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **8** marc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh ar gach mír.) Má fhreagraítear níos mó ná cúig phointe, marcáil gach ceann agus bronn na marcanna ar na **cúig** pointí is airde scórála.

**(5 x 8m = 40 marc)**

| | |
|---|---|
| An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Leibhéal maith sa stór focal. Tá an briathar(na briathair) ceart. | **7 – 8 marc** |
| An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal sách maith sa stór focal. An briathar/na briathra ceart den chuid is mó. | **5 – 6 mharc** |
| Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>D'fhéadfadh go mbeadh roinnt earráidí ann. | **3 – 4 mharc** |
| Is féidir aidhm chumarsáideach éigin a bhaint as. | **1 – 2 mharc** |
| Níl aon aidhm chumarsáide comhlíonta. | **0 marc** |

**C.2. (a) NÓTA C.2. (b) IONTRÁIL DIALAINNE (20 marc)**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** marc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-5 marc a bhronnadh ar gach mír.) Má fhreagraítear níos mó ná ceithre phointe, marcáil gach ceann agus bronn na marcanna ar na **ceithre** phointe is airde scórála.

**(4 x 5m = 20 marc)**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán, gan aon earráidí gramadaí ann. | **5 mharc** |
| Tá an teachtaireacht curtha in iúl a bheag nó a mhór, le roinnt earráidí gramadaí. | **4 mharc** |
| Tá an teachtaireacht sothuigthe i bpáirt. | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint as an teachtaireacht. | **2 mharc** |
| Méid an-bheag den teachtaireacht curtha in iúl. | **1 mharc** |
| Níl an teachtaireacht curtha in iúl. | **0 marc** |

## AGUISÍN A hAON

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht fhisiceach*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama amháin*** *agus sin amháin (ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air/ agus an seiceálaí seo ar siúl).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh an litriú agus an ghramadach acu a tharscaoileadh, ní ghearrfar pionós i réimsí gramadaí áirithe. Agus obair na n- iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Triail Chluastuisceana**
Is i nGaeilge a fhreagraítear an chuid seo den pháipéar agus, dá bhrí sin, níl aon treoracha speisialta i bhfeidhm mar ní ghearrtar pionós ar mhílitriú ná ar earráidí gramadaí sa scéim marcála chaighdeánach.

**Roinn A**
Maidir le Ceist 1, a freagraíodh i Spáinnis, ní ghearrfar pionós ar earráidí litrithe agus gramadaí.

**Roinn B**
Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar ghnáthnós ach ní ghearrfar pionós ar earráidí litrithe agus gramadaí.